

## Easpa seirbhísí Gaeilge

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi easpa seirbhísí Gaeilge i nGaeltacht Chonamara. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus leis an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus ar na frásaí seo? Bainigí úsáid as [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie), [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie) agus [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie) mura bhfuil sibh cinnte.

- *Language Commissioner's Office*
- *needles*
- *fundamental rights*
- *upset*
- *injection*
- *the nurses were not blamed*
- *confirm*
- *dilemma*
- *praise and respect*
- *extreme; beyond bounds*



Féachaigí ar an mír den chéad uair le seiceáil an raibh an ceart agaibh.

### Ceist 2

**(A)** Féach ar an mír den dara huair. Scríobh achoimre ghearr ar ábhar na míre. Pléigh an méid a scríobh tú leis an duine in aice leat.

**(B)** Cad dó a seasann MMR? Cén Ghaeilge atá ar na focail sin?

### Ceist 3

Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén fáth ar scríobh Sinéad Ní Ráinne alt ar [www.tuairisc.ie](http://www.tuairisc.ie)?
2. Deir Sorcha Ní Chéilleachair go bhfuil a lán dreamanna freagrach as an easpa seirbhísí Gaeilge i nGaeltacht Chonamara. Cé hiad? Cén fáth a bhfuil na dreamanna sin freagrach, dar leat?
3. Cad a bhí le rá ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoin scéal?

### Ceist 4

Féach ar na focail seo a bhí le cloisteáil sa mhír. An bhfuil siad baininsneach nó firinsneach?

*gearán, seirbhís, snáthaid, Gaeltacht, buncheart, iníon, mílseán, moladh, seachtain, comhchoiste, altra, instealladh*

Scríobh na focail sin sna boscaí cuí sa tábla thíos agus cuir an t-alt leo. Lean an patrún sna samplaí atá déanta.

Ainmfhocail fhirinsneacha	Ainmfhocail bhaininsneacha
<i>an bád</i> <i>an t-uisce</i> <i>an siúcra</i>	<i>an bhábóg</i> <i>an aois</i> <i>an tsráid</i>

**Ceist 5** ‘...faitíos...’

Bíodh babhta tobsmaointe agat féin agus ag an duine in aice leat. Smaoinígí ar na bealaí ar fad atá ar eolas agaibh chun na nithe seo a leanas a chur in iúl:

- eagla
- áthas
- fearg
- brón
- grá

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach, dar leat, go mbeadh seirbhísí poiblí ar fáil trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht?
2. Ar cheart go mbeadh gach seirbhís phoiblí ar fud na tíre ar fáil trí Ghaeilge? Cén fáth?
3. Dúradh san alt a scríobh Sinéad Ní Ráinne gur cuireadh ceist uirthi ainm a hiníne a chur ar fáil i mBéarla. Cad a cheapann tú faoi sin?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

*Language Commissioner's Office* – Oifig an Choimisinéara Teanga  
*needles* – snáthaidí  
*fundamental rights* – bunchearta  
*upset* – trína chéile  
*injection* – instealladh  
*the nurses were not blamed* – níor cuireadh locht ar na haltraí  
*confirm* – dearbhaigh  
*dilemma* – cruachás  
*praise and respect* – moladh agus meas  
*extreme; beyond bounds* – as cuimse

### Ceist 2

(A) Féach an script  
(B) M – Measles (Bruitíneach), M – Mumps (Leicneach), R – Rubella (Bruitíneach dhearg)

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

Ainmfhocail fhirinscneacha	Ainmfhocail bhaininscneacha
<i>an bád</i> <i>an t-uisce</i> <i>an siúcra</i>	<i>an bhábóg</i> <i>an aois</i> <i>an tsráid</i>
an gearán an buncheart an milseán an moladh an comhchoiste an t-altra an t-instealladh	an tseirbhís an tsnáthaid an Ghaeltacht an iníon an tseachtain

### Ceist 5

Eagla: Tá faitíos orm. / Tá eagla orm faoi sin. / Tá eagla/scanradh orm roimh an madra.  
/ Tá mé ag crith le heagla. / Tháinig scéin orm.

Áthas: Tá áthas orm. / Tá mé sona sásta. / Tá lúcháir orm.

Fearg: Tá an ghoimh orm. / Tá fearg orm. / Tá mé ar mire/ar buile. / Tá mé feargach.

Brón: Tá brón orm. / Tá mé brónach. / Tá mé buartha. / Tá mé in ísle brí.

Grá: Tá mé i ngrá. / Tá cion agam ar dhuine. / Tá me dúnta i ngrá le duine. / Tá mo chroí istigh i nduine.

### Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### **Siún Nic Gearailt**

Tá gearán déanta le hOifig an Choimisinéara Teanga faoi sheirbhísí snáthaidí MMR a cuireadh ar fáil i mBéarla amháin do leanbh atá á thógáil<sup>1</sup> le Gaelainn<sup>2</sup> i gcroílár Gaeltacht Chonamara. Deir Tuismitheoirí na Gaeltachta go bhfuil bunchearta leanaí na Gaeltachta á sárú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus go gcaithfidh athrú teacht air sin.

### **Shane Ó Curraighín**

Cuireann instealltaí faitíos ar dhaoine go leor ach samhlaigh mura dtuigeann tú an té atá ag brú na snáthaide. B'in a tharla d'iníon Shinéad Ní Ráinne atá cúig bliana d'aois. Thug Sinéad a hiníon, nach bhfuil Béarla go fóill aici, le snáthaidí MMR a fháil in Ionad Sláinte na Tulaí i gConamara. Ní raibh aon Ghaeilge ag an cheathrar altraí a bhí i mbun na seirbhíse. Ag scríobh di ar tuairisc.ie, dúirt Sinéad go raibh a hiníon trína chéile agus í ag fanacht don instealladh.

Dúradh san alt gur tugadh milseán dá hiníon agus greamán, 'I've been immunised'. Dúirt Sinéad go raibh páistí ó scoileanna a ghlac leis an pholasaí oideachais Gaeltachta, ag freastal ar Chlinic na Tulaí. Níor cuireadh locht ar na haltraí ach ar an Fheidhmeannacht agus ar an Stát.

Dhearbhaigh Oifig an Choimisinéara Teanga do Nuacht TG4 go bhfuil gearán á scrúdú acu maidir le cás Ionad Sláinte na Tulaí. Tá tacaíocht á tairiscint ag Tuismitheoirí na Gaeltachta do thuismitheoirí a bhíonn sa chruachás céanna.

### **Sorcha Ní Chéilleachair**

Bhuel, tá sé seo ag tarlú arís agus arís eile agus níl sé maith go leor. Agus, is dócha an rud is measa faoin rud seo ar fad go bhfuil sé chomh deacair labhairt amach. Agus tá moladh agus meas as cuimse tuillte ag an tuismitheoir seo as labhairt amach. Is ceist í seo d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Is ceist í seo don Roinn Sláinte. Is ceist í seo don gCoimisinéir Teanga, ach is ceist í chomh maith don Ombudsman, Ombudsman na Leanaí. Tá bunchearta pháistí na Gaeltachta á gceilt, agus caithear é sin a athrú.

### **Shane Ó Curraighín**

An tseachtain seo caite, thug Comhchoiste Rialtais gríosú d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, faoina laghad seirbhísí atá á gcur ar fáil acu i nGaeilge.

Tráthnóna, dúirt Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga go bhfuil sé iomlán mícheart go bhfuil Béarla á bhrú ar mhuintir na Gaeltachta.

Chuir Nuacht TG4 sraith ceisteanna chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte inniu faoin tseirbhís a cuireadh ar fáil in Ionad Sláinte na Tulaí. Níor tugadh freagra orainn go fóill.

Shane Ó Curraighín, Nuacht TG4.

---

<sup>1</sup> á tógaint a dúradh

<sup>2</sup> *Gaeilge* an leagan caighdeánach